Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16161/26

COH 189
ENV 1428
COMPET 1404
SAN 816
EDUC 467
EMPL 451
RECH 485
TRANS 733
AGRI 856
POLCOM 427
RELEX 1567
POSEIDOM 13
POSEICAN 12
POSEIMA 12

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	15668/26
Ábhar:	Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Raon domhanda an Aontais a neartú: fís straitéiseach nua do na réigiúin is forimeallaí san Aontas’ – Conclúidí ón gComhairle (an 23 Samhain 2026)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Raon domhanda an Aontais a neartú: fís straitéiseach nua do na réigiúin is forimeallaí san Aontas’, mar a d’fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta/Comhtháthú) í ag an 4212ú cruinniú a bhí aici an 23 Samhain 2026.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Raon domhanda an Aontais a neartú: fís straitéiseach nua do na réigiúin is forimeallaí san Aontas

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht nua ón gCoimisiún maidir leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas, 'Raon domhanda an Aontais a neartú: fís straitéiseach nua do na réigiúin is forimeallaí san Aontas ('an Teachtaireacht')', a chuireann le straitéisí comhleanúnacha an Choimisiúin do na réigiúin sin. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI freisin go ndírítear sa Teachtaireacht ar acmhainneacht gheostraitéiseach na réigiún is forimeallaí agus ar a lánpháirtiú réigiúnach; ar iomaíochas agus rochtain fheabhsaithe ar an margadh aonair; ar athléimneacht agus ullmhacht; agus ar chothroime shóisialta agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine; chomh maith leis an raon leathan gealltanas agus moltaí a dhéantar inti;

2. AITHNÍONN SÍ sainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí – Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha, lena n-áirítear a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht achrannach, a spleáchas eacnamaíoch ar líon beag táirgí, agus a neamhchosaint ard ar theagmhais adhaimsire, ar shuaitís seachtracha agus ar ghéarchéimeanna seachtracha;

3. AITHNÍONN SÍ na deiseanna a chuireann na réigiúin is forimeallaí ar fáil ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine, go háirithe sa chomhthéacs idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, maidir lena suíomhanna straitéiseacha i lánaí farraige criticiúla agus ar mhórbhealaí trádála, an ról atá acu mar thairseacha an Aontais chuig an domhan, a limistéir mhuirí ollmhóra, a saintréithe geografacha eisceachtúla, a n-éiceachórais agus a n-aeráid éagsúil, a mbithéagsúlacht agus a n-acmhainneacht fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. AITHNÍONN SÍ gur féidir cur le rathúnas, iomaíochas, athléimneacht, ullmhacht agus uathriail straitéiseach an Aontais féin trí leas a bhaint as sócmhainní straitéiseacha agus buntáistí iomaíocha na réigiún is forimeallaí;

4. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá ról na réigiún is forimeallaí i dtrádáil an Aontais, sa chomhar réigiúnach, sa tslándáil agus sa chosaint, in earnáil an spáis, sa gheilleagar gorm, san iascach, sa talmhaíocht, sa bhithgheilleagar agus sa bhiteicneolaíocht, i dtaighde agus nuálaíocht sna heolaíochtaí muirí, i bhfuinneamh in-athnuaite, sa turasóireacht, lena n-áirítear turasóireacht inbhuanaithe, lóistíocht, agus in aistriú glan an Aontais, lena n-áirítear trí rannchuidiú le slabhraí luacha agus soláthair éagsúlaithe agus athléimneacha;

5. MEASANN SÍ gurb iad na srianta buana atá ar na réigiúin is forimeallaí is cúis le leibhéil arda dífhostaíochta, go háirithe i measc daoine óga, le costas ard maireachtála agus costais bhreise eile mar thoradh ar iargúltacht gheografach, le holltáirgeacht intíre íseal per capita, le héagothromaíochtaí eacnamaíocha níos mó; agus le gnóthachtáil oideachais níos ísle;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról straitéiseach atá ag na réigiúin is forimeallaí ina gcomharsanachtaí agus TACAÍONN SÍ lena lánpháirtiú réigiúnach méadaithe, go háirithe trí Interreg, tríd an Eoraip Dhomhanda agus trí thionscnaimh eile thrádála agus chomhair, lena n-áirítear naisc eacnamaíocha agus slabhraí luacha réigiúnacha a neartú le tíortha agus críocha comharsanachta nach bhfuil san Aontas, chomh maith le críocha atá comhlachaithe leis an Aontas amhail na tíortha agus na críocha thar lear;

7. LEAGANN SÍ BÉIM AR an mbearna leanúnach iomaíochais atá os comhair na réigiún is forimeallaí, go príomha mar gheall ar mhéid bheag a margaidh, ar bharainneachtaí scála teoranta, ardchostas maireachtála agus iargúltacht, rudaí a chuireann teorainn lena dtarraingteacht don infheistíocht. TACAÍONN SÍ le tionscnaimh chun leas a bhaint as a sócmhainní, tacú le táirgí straitéiseacha, borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin nuálaíocht, éagsúlú eacnamaíoch agus speisialtóireacht chliste a chur chun cinn, agus a rochtain ar an margadh aonair a dhoimhniú;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil na réigiúin is forimeallaí an-leochaileach i leith géarchéimeanna, suaití seachtracha, éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus suaitheadh i slabhraí soláthair idirnáisiúnta, go háirithe mar gheall ar a n-iargúltacht, a spleáchas ar sholáthairtí seachtracha agus, i gcás inarb ábhartha, ar chórais fuinnimh iargúlta nó neamhnasctha, agus dá bhrí sin, AITHNÍONN SÍ gur gá a n-athléimneacht agus a n-ullmhacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí shlándáil fuinnimh agus bia a neartú, *inter alia* trí thacú le táirgeadh talmhaíochta áitiúil, bonneagar criticiúil a chosaint, iompar agus inrochtaineacht a neartú, slabhraí soláthair a éagsúlú agus, i gcás inarb ábhartha, rochtain ar amhábhair straitéiseacha agus chriticiúla ina dtimpeallacht réigiúnach a éascú;

9. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI an gealltanas cothroime shóisialta a chur chun cinn agus tacú le daoine atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí, atá i mbaol níos mó bochtaineachta ná daonra mhór-roinn an Aontais agus a bhfuil níos mó deacrachtaí acu rochtain a fháil ar sheirbhísí bunriachtanacha agus ar earraí bunúsacha;

10. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas an Choimisiúin an t-idirphlé leis na réigiúin is forimeallaí a neartú agus feasacht a mhúscailt maidir leis na dúshláin atá rompu, chomh maith lena thiomantas cur i bhfeidhm córasach Airteagal 349 CFAE a chur chun feidhme agus scagadh a dhéanamh ar thionscnaimh chun a áirithiú go ndéanfar ‘gné na réigiún is forimeallaí’ a chomhtháthú mar chuid dá phróiseas measúnaithe tionchair agus i ndearadh tionscnamh ón gCoimisiún amach anseo;

11. AONTAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach an acmhainneacht riaracháin agus theicniúil a neartú chun tionchar chistí an Aontais sna réigiúin is forimeallaí a uasmhéadú. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas an Choimisiúin feabhas a chur ar a uirlis chomhairleach chun tacaíocht fheabhsaithe a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara sna réigiúin is forimeallaí;

12. MEABHRAÍONN SÍ go gceadaítear le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh don Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, bearta sonracha a ghlacadh arb é is aidhm dóibh, go háirithe, na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na gConarthaí a leagan síos chun saintréithe agus srianta sonracha na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh;

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chéad phacáiste rialála a ghabhann leis an Teachtaireacht arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh na réigiúin is forimeallaí faoi reachtaíocht reatha an Aontais chomh maith leis na bearta a mholtar sa reachtaíocht earnálach;

14. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI tiomantas an Choimisiúin do phróiseas leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a dhéanann difear do na réigiúin is forimeallaí;

15. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé leanúint d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar dhúshláin shonracha na réigiún is forimeallaí amach anseo agus tacú lena bhfás inbhuanaithe bunaithe ar a sócmhainní uathúla.